

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

EARRACH 2017

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**

Cuidiú do Mhánas

Bhí ag éirí go maith le gnó Mhánais - rothair a ligean amach ar cíos. Bhí sé an-doiligh, áfach, a bheith ag freastal ar chustaiméirí agus ag deisiú rothar ag an am céanna. Gan amhras ar bith, bhí air duine éigin a fhostú chun cuidiú leis. Gnó samhraidh a bhí ann. Dá bhrí sin, ní bheadh an post fóirsteanach d'aon duine ach do mhac léinn a bhí ar a laethanta saoire ón gColáiste. Chuir sé fógra beag ar an *Donegal Democratic* agus ar *Facebook*. Bhí sé an-sásta le líon na n-iarratas a fuair sé – cúig cinn. Ghlaigh sé an cúigear chun agallaimh tráthnóna Aoine ag tús an tséasúir. Girseach amháin a chuir isteach ar an bpost, bhí aithne ag Mánas ar a muintir agus rinne sí agallamh an-mhaith. Thairg Mánas an post di.

**Canúint Chonnacht**

Sábháilteacht ar dTús

Bhí Peadar thar a bheith sásta nuair a fuair sé eochracha an trálaeir nua a bhí ceannaithe aige. Nuair a shiúil sé síos céibh Ros a' Mhíl an tráthnóna sin agus a athair taobh leis, bhraith sé go raibh an cinneadh ceart déanta aige agus go raibh sé ina iascaire ceart anois. Go raibh sé ina scipéir. Sheas siad ar feadh tamaillín ar an gcéibh ag féachaint isteach sa trálaer. Bhí na líonta i lár na deice agus boscaí folmha ina seasamh go néata sa chúinne. “Nach bhfuil sé go hiontach,” arsa Peadar lena athair agus iad ag léim ar bord, “nach mbeidh orm trealamh ar bith a cheannach. Tá chuile rud agam cheana féin.”

“Tá togha na líonta agat, ceart go leor,” arsa a athair leis, “ach tá rud amháin a chaithfidh tú a cheannach - raidió beag ionas go mbeidh a fhios ag do mháthair agus agam féin go bhfuil tú sábháilte nuair a bheidh tú ar an bhfarraige mhór.”

**Canúint na Mumhan**

An Cumann Peile

Bhí Muiris ag socrú isteach i saol an Choláiste. Bhí sé an-sásta leis an marc a fuair sé i scrúdú na Nollag, thaitin an Leabharlann leis agus bhí sé ag réiteach go maith leis na daoine eile sa teach. Cé go raibh sé ag siúl chuig an gColáiste gach lá, ní raibh sé chomh haclaí agus a bhí sé nuair a bhí sé sa mheánscoil. Chonaic sé na peileadóirí ag traenáil ar an bpáirc cúpla uair. Bhí cuid acu go han-mhaith. Bhí siad an-mhór freisin. Bhí cúpla imreoir idirchontae ina measc.

Lá amháin nuair a bhí Muiris ina shuí leis féin ag ithe a lóin i mBialann an Choláiste shuigh mac léinn eile in aice leis.

“Is tusa Muiris, nach ea?”

“Is ea,” arsa Muiris.

“Bhuel, is mise Ciarán Ó Murchú, captaen na foirne peile. Cloisim gur imir tú le mionúir do chontae an bhliain seo caite.”

EARRACH 2017

## Sleachta Léitheoireachta

### Canúint Uladh

Cuidiú do Mhánas

1. Cén sórt gnó a bhí ag Mánas?
2. Cár chuir sé fógra?
3. Cé mhéad iarratas a fuair sé don phost?
4. Cathain a bhí na hagallaimh ann?
5. Cé a fuair an post?

### Canúint Chonnacht

Sábháilteacht ar dTús

1. Céard a bhí ceannaithe ag Peadar?
2. Cé a bhí taobh le Peadar nuair a shiúil sé síos céibh Ros a' Mhíl?
3. Céard a bhí i lár na deice?
4. Cá raibh na boscaí folmha?
5. Céard a bhí ar Pheadar a cheannach, dar lena athair?

### Canúint na Mumhan

An Cumann Peile

1. Cé a bhí ag socrú isteach i saol an Choláiste?
2. Céard a thaitin le Muiris sa Choláiste?
3. Cé leis a raibh Muiris ag réiteach go maith?
4. Cén áit a bhfaca Muiris na peileadóirí ag traenáil?
5. Cé a shuigh síos in aice le Muiris i mBialann an Choláiste?